2026/1752

21.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1752 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Iúil 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1475 a mhéid a bhaineann le tuairisciú sonraí faoi idirghabhálacha in earnáil an fhíona chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar CBT

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 133 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2026/471 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), leasaíodh Rialachán (AE) 2021/2115 a mhéid a bhaineann le cineálacha áirithe idirghabhála in earnáil an fhíona, i measc nithe eile. Le Rialachán (AE) 2026/471 cuireadh dhá chineál idirghabhála nua isteach: 'stoitheadh ó fhréamh buan fíonghort táirgiúil' agus 'faireachán, diagnóisiú, oiliúint, cumarsáid agus taighde chun leathadh lotnaidí ábhartha a chosc dá dtagraítear i gCuid B d'Iarscríbhinn II agus i gCuid C d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún' ([3]).

(2) Le hAirteagal 128 de Rialachán (AE) 2021/2115, déantar foráil go mbunófar creat feidhmíochta lena gcumasófar tuairisciú, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na Pleananna Straitéiseacha CBT. Soláthróidh na Ballstáit don Choimisiún an fhaisnéis atá ar fáil is gá ionas go mbeidh sé in ann an faireachán agus an mheastóireacht a dhéanamh ar an gcomhbheartas talmhaíochta (CBT), go háirithe sonraí maidir le hidirghabhálacha in earnáil an fhíona. Is iomchuí, dá bhrí sin, a cheangal ar na Ballstáit sonraí a bhaineann leis an dá chineál idirghabhála nua a thuairisciú. Ba cheart, dá bhrí sin, Cuid 10, faoi Fhoirm B.3, d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1475 ón gCoimisiún ([4]) a leasú chun na cineálacha nua idirghabhála sin a chumhdach.

(3) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gComhbheartas Talmhaíochta,

([1]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2115/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2026/471 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2026 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) Uimh. 251/2014 agus (AE) 2021/2115 a mhéid a bhaineann le rialacha margaidh áirithe agus bearta tacaíochta earnála áirithe in earnáil an fhíona agus le haghaidh táirgí fíona cumhraithe agus Rialachán (AE) 2024/1143 a mhéid a bhaineann le rialacha lipéadaithe áirithe le haghaidh deochanna biotáilleacha (IO L, 2026/471, 26.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/471/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosanta in aghaidh lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/2072/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1475 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2022 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le meastóireacht ar na Pleananna Straitéiseacha CBT agus a mhéid a bhaineann le faisnéis a sholáthar le haghaidh faireacháin agus meastóireachta (IO L 232, 7.9.2022, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1475/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1475

I gCuid 10, faoi Fhoirm B.3, d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1475, cuirtear isteach pointí (i) agus (j) seo a leanas:

'(i) le haghaidh fíonghoirt tháirgiúla a stoitheadh ó fhréamh go buan:

(i) cúnamh airgeadais ón Aontas (in euro nó in airgeadra náisiúnta);

(ii) caiteachas iomlán (in euro nó in airgeadra náisiúnta) na dtairbhithe;

(iii) líon na dtairbhithe;

(iv) an líon heicteár a stoitheadh ó fhréamh;

(v) líon na n-oibríochtaí;

(j) le haghaidh faireacháin, diagnóisithe, oiliúna, cumarsáide agus taighde chun leathadh lotnaidí ábhartha a chosc dá dtagraítear i gCuid B d'Iarscríbhinn II agus i gCuid C d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún (*):

(i) cúnamh airgeadais ón Aontas (in euro nó in airgeadra náisiúnta);

(ii) caiteachas iomlán (in euro nó in airgeadra náisiúnta) na dtairbhithe;

(iii) líon na dtairbhithe;

(iv) líon na n-oibríochtaí.

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosanta in aghaidh lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/2072/oj).'

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN